AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.7.2024
COM(2024) 307 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

de bhun Airteagal 410b de Threoir CBL,
maidir le cur i bhfeidhm na rialacha CBL le haghaidh dearbhán - sainmhíniú, slabhraí dáilte agus dearbháin neamhfhuascailte

Clár na n-ábhar

1. RÉAMHRÁ---------- 2

2. CÚLRA NA hIDIRGHABHÁLA ---------- 2

3. NA FORÁLACHA ATÁ I BHFEIDHM FAOI LÁTHAIR A CHUR CHUN FEIDHME ---------- 8

4. MEASÚNÚ AR NA RIALACHA ATÁ I BHFEIDHM FAOI LÁTHAIR ---------- 12

4.1 MEASÚNÚ GINEARÁLTA---------- 13

4.2 MEASÚNÚ AR THOPAICÍ SONRACHA ---------- 17

5. CONCLÚIDÍ---------- 22

IARSCRÍBHINN – TUARASCÁIL ACHOIMRE – CEISTNEOIR MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME NA TREORACH MAIDIR LE DEARBHÁIN (AE) 2016/1065 ---------- 25

1. RÉAMHRÁ

An 27 Meitheamh 2016, ghlac an Chomhairle Treoir[1] lena leasaítear an Treoir CBL[2] maidir le láimhseáil idirbheart a bhfuil baint ag dearbháin leo (an Treoir maidir le Dearbháin). Tá feidhm ag na rialacha nua ó bhí an 1 Eanáir 2019 ann, ach ní bheidh feidhm acu ach amháin maidir le dearbháin a eisíodh tar éis an 31 Nollaig 2018.

Is é is aidhm do na hathruithe sin na rialacha CBL a bhfuil feidhm acu le dearbháin a shimpliú, a nuachóiriú agus a chomhchuibhiú[3], go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: *ensure certain and uniform treatment, to be consistent with the principles of a general tax on consumption exactly proportional to the price of goods and services, to avoid inconsistencies, distortion of competition, double or non-taxation and to reduce the risk of tax avoidance* [cóireáil dheimhneach aonfhoirmeach a áirithiú, chun bheith comhsheasmhach leis na prionsabail a bhaineann le cáin tomhaltais ghinearálta a bheidh i gcomhréir go beacht le praghas na n-earraí agus na seirbhísí, chun neamhréireachtaí, saobhadh iomaíochta agus cánachas dúbailte nó neamhchánachas a sheachaint agus chun riosca na seachanta cánach a laghdú][4].

De réir Airteagal 410b den Treoir CBL arna leasú, tá an Coimisiún le tuarascáil mheasúnachta a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó Bhallstáit an Aontais (na Ballstáit as seo feasta) maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach CBL a mhéid a bhaineann le cóireáil CBL na ndearbhán, ag féachaint go háirithe don sainmhíniú ar dhearbháin, na rialacha CBL a bhaineann leis an gcánachas ar dhearbháin sa slabhra dáilte, agus le dearbháin neamhfhuascailte, agus togra iomchuí chun na rialacha ábhartha a leasú ag gabháil leis an tuarascáil i gcás inar gá.

I bhfianaise a bhfuil thuas, déantar anailís sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ghinearálta na rialacha CBL maidir le dearbháin de réir cúig chritéar (éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE) i gcaitheamh 4 bliana ó cuireadh i bhfeidhm iad den chéad uair in 2019, agus ina dhiaidh sin, déantar measúnú sonrach ar na nithe seo a leanas: (i) an sainmhíniú ar dhearbháin, ii) an cánachas ar dhearbháin sa slabhra dáilte agus iii) dearbháin neamhfhuascailte. Déantar measúnú sa tuarascáil ar chur chun feidhme na bhforálacha ábhartha bunaithe ar thorthaí suirbhé a díríodh ar na Ballstáit agus a rinneadh ón 27 Márta go dtí an 9 Meitheamh 2023[5]. Tugtar an tuarascáil i gcrích ansin trí chuimhneamh ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí togra reachtach chun na rialacha lena mbaineann a leasú.

2. CÚLRA NA HIDIRGHABHÁLA

In éagmais comhrialacha CBL maidir le cóireáil na ndearbhán sa Séú Treoir CBL[6] nó sa Treoir CBL, tá cineálacha cur chuige difriúla forbartha ag na Ballstáit in imeacht na mblianta.

---

1 Treoir (AE) 2016/1065 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2016 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le láimhseáil dearbhán (IO L 177, 1.7.2016, lch. 9) (an Treoir maidir le Dearbháin).

2 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1) (an Treoir CBL).

3 Aithris 13 den Treoir maidir le Dearbháin.

4 Aithris 2 den Treoir maidir le Dearbháin.

5 *Ceistneoir i dtaca leis an Treoir maidir le Dearbháin (AE) 2016/1065 a chur chun feidhme*.

6 Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1) (an Séú Treoir CBL).

Dá dheasca sin, tá rioscaí ann i leith cánachas dúbailte nó neamhchánachas, seachaint cánach agus bacainní ar nuálaíocht ghnó[7]. Dá bhrí sin, in 2012, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh[8] chun na rialacha CBL maidir le dearbháin a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú.

Nuair a ghlac an Chomhairle an togra, áfach, fágadh ar lár roinnt de na forálacha a bhí molta ag an gCoimisiún. Go sonrach, sa Treoir a glacadh maidir le Dearbháin, níl aon fhoráil inti maidir le dearbháin le haghaidh lascaine, le híocaíochtaí ar cuntas ná leis an mbonn cánach a ríomh i dtaca le 'dearbháin ilchuspóracha' (MPVanna) a dháileadh. Maidir le lascainí, soiléirítear fiú in aithrisí na Treorach a glacadh, *nár cheart spriocdhíriú leis na rialacha sin ar na hionstraimí sin lena dtugtar ceart don sealbhóir ar lascaine a fháil ar cheannach earraí nó seirbhísí ach nach mbaineann aon cheart leo chun na hearraí nó na seirbhísí sin a fháil.* Ná ní dhéantar aon tagairt inti d'aon ionstraim a eisiamh ón sainmhíniú ar dhearbhán, arb é an t-aon ní is cuspóir don ionstraim sin íocaíochtaí a dhéanamh, ná ní dhéantar aon tagairt don ghaolmhaireacht idir na rialacha maidir le dearbháin agus na rialacha ar leith maidir le CBL, amhail na rialacha sin a bhaineann leis an scéim corrlaigh do gníomhairí taistil. D'fhéadfaí a áitiú gurb é is cúis leis sin go páirteach go bhfuil gá leis an aontoilíocht i réimse an chánachais, inar minic is amhlaidh, leis na comhréitigh a bhaintear amach, a fhágtar saincheisteanna ar leataobh a d'fhéadfaí a aontú trí thromlach. Go deimhin, le blianta beaga anuas, pléadh na saincheisteanna sin agus saincheisteanna eile faoi chur chun feidhme i gcomhthéacs an Choiste um CBL[9], rud as ar tháinig dhá shraith treoirlínte[10] arna n-aontú ag tromlach na mBallstát (Roinn 3), agus cé nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí, is rannchuidiú iad leis na comhrialacha CBL a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí.

i) An sainmhíniú ar dhearbháin

Chun ionstraim a cháiliú mar dhearbhán, foráiltear leis na rialacha arna nglacadh nach mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh: (i) baineann oibleagáid leis an ionstraim go nglacfar léi

---

7 Ón 114ú cruinniú den Choiste um CBL, Páipéar Oibre Uimh. 983, *Questions raised following implementation of the Voucher Directive* [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin].


8 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a mhéid a bhaineann le déileáil le dearbháin (COM(2012) 206 an 10.5.2012).

9 De bhun Airteagal 398 de Threoir CBL *1. An advisory committee on value added tax, called 'the VAT Committee', is set up. 2. The VAT Committee shall consist of representatives of the Member States and of the Commission. The chairman of the Committee shall be a representative of the Commission. Secretarial services for the Committee shall be provided by the Commission. 3. The VAT Committee shall adopt its own rules of procedure. 4. In addition to the points forming the subject of consultation pursuant to this Directive, the VAT Committee shall examine questions raised by its chairman, on his own initiative or at the request of the representative of a Member State, which concern the application of Community provisions on VAT*. [1. Tá coiste comhairleach um cháin bhreisluacha, ar a dtugtar 'an Coiste um CBL' curtha ar bun. 2. Beidh an Coiste um CBL comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún. Ionadaí de chuid an Choimisiúin a bheidh i gcathaoirleach an Choiste. Is é an Coimisiún a sholáthróidh seirbhísí rúnaíochta le haghaidh an Choiste. 3. Glacfaidh an Coiste um CBL rialacha nós imeachta dá chuid féin. 4. I dteannta na bpointí is ábhar don chomhairliúchán de bhun na Treorach seo, scrúdóidh an Coiste um CBL ceisteanna a tharraingeoidh a chathaoirleach anuas, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag ionadaí Ballstáit, ar ceisteanna iad a bhainfidh le cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhphobail maidir le CBL].

10 Treoirlínte a aontaíodh ag an 116ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1043, Doiciméad B, taxud.c.1(2023)4439781 agus Treoirlínte a aontaíodh ag an 122ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1074, Doiciméad C, taxud.c.1(2024)438498.

mar chomaoin nó mar chuid den chomaoin i leith soláthar earraí nó seirbhísí agus ii) sonraítear san ionstraim nó sa doiciméadacht ghaolmhar na hearraí nó na seirbhísí a bheidh le soláthar nó céannacht na soláthraithe ionchasacha.


Figiúr 1: Coincheap an dearbháin[11]




Is éard atá i gceist le 'dearbhán aonchuspóra' (SPV) dearbhán arb eol áit soláthair na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, agus an CBL atá dlite ar na hearraí nó ar na seirbhísí sin, tráth eisiúna an dearbháin, agus maidir leis na dearbháin eile uile seachas SPVanna, is 'dearbháin ilchuspóracha' (MPVanna) atá iontu sin.

[11] Tagann figiúirí 1 go 5 ó Pháipéar Oibre an Choiste um CBL Uimh. 983 *Questions raised following implementation of the Voucher Directive* [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin].

Figiúr 2: SPV



Figiúr 3: Coincheap MPV



Soiléirítear freisin in aithrisí na Treorach maidir le Dearbháin *nár cheart spriocdhíriú leis na rialacha sin ar na hionstraimí sin lena dtugtar ceart don sealbhóir ar lascaine a fháil ar cheannach earraí nó seirbhísí ach nach mbaineann aon cheart leo chun na hearraí nó na seirbhísí sin a fháil*[12] agus *nár cheart, leis na forálacha maidir le dearbháin, go dtionscnófaí aon athrú ar chóireáil CBL na dticéad iompair, na dticéad isteach chuig pictiúrlanna agus músaeim, na stampaí poist ná nithe comhchosúla*[13].


ii) Cóireáil CBL na ndearbhán sa slabhra dáilte

Mar a luaitear in Aithris 8 den Treoir maidir le Dearbháin, i gcás inar féidir cóireáil CBL sholáthar foluiteach na n-earraí nó na seirbhísí a chinneadh le deimhneacht ar eisiúint an dearbháin cheana féin, ba cheart CBL a ghearradh ar gach aistriú dearbháin aonchuspóra, ar

[12] Aithris 4 den Treoir maidir le Dearbháin.
[13] Aithris 5 den Treoir maidir le Dearbháin.

eisiúint an dearbháin chomh maith, agus maidir le tabhairt ar láimh iarbhír na n-earraí nó soláthar iarbhír na seirbhísí i gcomaoin SPV, níor cheart é sin a mheas mar idirbheart neamhspleách.

Figiúr 4: Rialacha lena rialaítear aistriú dearbháin aonchuspóra




Maidir le dáileadh SPVanna, soiléiríodh sa Treoir maidir le Dearbháin i leith gach aistriú dearbháin aonchuspóra arna dhéanamh ag duine inchánach a ghníomhaíonn ina ainm féin, lena n-áirítear eisiúint an dearbháin sin, go meastar gur é soláthar na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán é an t-aistriú sin[14]. Ba cheart CBL a ríomh ar an gcomaoin a fuarthas le haghaidh SPV de réir Airteagal 73 de Threoir CBL. Más rud é, ar an taobh eile, go ndéanann duine inchánach atá ag gníomhú in ainm duine eile SPV a eisiúint nó a dháileadh, ní mheasfaí gur duine a bhí ag glacadh páirte sa soláthar foluiteach é an duine inchánach sin.

I gcás MPVanna, ba cheart CBL a ghearradh, ina áit sin, nuair a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, dá bhrí sin, níor cheart aon aistriú MPV dá ndéantar roimh an soláthar sin a bheith faoi réir CBL.

[14] Aithris 9 den Treoir maidir le Dearbháin.

Figiúr 5: Rialacha lena rialaítear aistriú MPV



Maidir le seirbhísí a sholáthraítear feadh shlabhra dáilte dearbháin ilchuspóraigh, ní bheadh ach na seirbhísí idirghabhálacha nó an soláthar leithleach seirbhísí amhail seirbhísí dáileacháin nó fógraíochta faoi réir CBL. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfaighidh duine inchánach nach bhfuil ag gníomhú ina ainm féin aon chomaoin ar leithligh ar aistriú MPV, ba cheart an chomaoin sin a bheith inchánach de réir na ngnáthshocruithe CBL[15].

Ar deireadh, maidir le bonn cánach MPV, soiléiríodh leis an Treoir maidir le Dearbháin, chun a áirithiú go mbeidh an méid CBL a íocfar cruinn, gan dochar d'Airteagal 73 den Treoir CBL, gur cheart do sholáthróir na n-earraí nó na seirbhísí cuntas a thabhairt sa Cháin Bhreisluacha bunaithe ar an gcomaoin a íocadh faoi choinne MPV[16]. In éagmais na faisnéise sin, ba cheart an bonn cánach a bheith cothrom leis an luach airgeadúil a léirítear ar an dearbhán féin nó sa doiciméadacht ghaolmhar, lúide an méid CBL a bhaineann leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear. I gcás ina n-úsáidfear MPV go páirteach i leith an tsoláthair earraí nó seirbhísí, ba cheart an bonn cánach a bheith cothrom leis an gcuid chomhfhreagrach den chomaoin nó den luach airgeadúil, lúide an méid CBL a bhaineann leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear.

iii) Dearbháin neamhfhuascailte

I gcás ina n-úsáidfear MPV go páirteach, ba cheart an bonn cánach a bheith cothrom leis an gcuid chomhfhreagrach den chomaoin nó leis an luach airgeadúil, lúide an méid CBL a bhaineann leis na hearraí nó leis na seirbhísí a sholáthraítear, cé go soiléirítear[17] *nach spriocdhírítear leis sin ar na cásanna inarb amhlaidh nach bhfuasclaíonn an tomhaltóir*

15 Aithris 10 den Treoir maidir le Dearbháin.
16 Aithris 11 den Treoir maidir le Dearbháin.
17 Aithris 11 den Treoir maidir le Dearbháin.

deiridh dearbhán ilchuspóireach le linn a thréimhse bailíochta, agus a choimeádann an díoltóir an chomaoin a fhaightear le haghaidh an dearbháin sin[18].

3. NA FORÁLACHA ATÁ I bhFEIDHM FAOI LÁTHAIR A CHUR CHUN FEIDHME

De réir Airteagal 2 den Treoir maidir le Dearbháin:

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2018 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Maidir leis an oibleagáid téacs na bhforálacha nua a chur in iúl don Choimisiún, tugadh i gcrích cúig nós imeachta um shárú neamhchumarsáide tar éis don Chipir, don Ghréig, don Laitvia, don Rómáin, agus don tSeicia a mbearta maidir le trasuí a chur in iúl.

Léirigh an tseiceáil comhlíontachta a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim (TAXUD)[19] ar gach Ballstát tar éis an 1 Eanáir 2019 nár chloígh ceithre Bhallstát leis na dátaí forordaithe maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm na bhforálacha nua (i gcás na Seicia tháinig na leasuithe i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2019, sa Danmhairg agus sa Laitvia, níor cuireadh na forálacha nua i bhfeidhm ach amháin maidir le dearbháin a eisíodh tar éis an 1 Iúil 2019 agus maidir le dearbháin a eisíodh tar éis an 30 Meán Fómhair 2019 sa tSlóvaic).

Ina theannta sin, tar éis na seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh, thosaigh an Coimisiún dhá nós imeachta EU Pilot[20] i dtreo na Bulgáire agus na Fraince. I gcás na Bulgáire, tugadh i gcrích an nós imeachta EU Pilot a bhain le cóireáil na ndearbhán béile tar éis don reachtaíocht náisiúnta a bheith modhnaithe ón 18 Feabhra 2022. Go sonrach, de thoradh na leasuithe a rinneadh, maidir le dearbháin béile a d'fhéadfaí a mhalartú ar sholáthairtí a bhí faoi réir ráta laghdaithe CBL, agus a d'fhéadfaí a mhalartú chomh maith ar sholáthairtí ar a ngearrtar cáin ag an ráta caighdeánach, measadh gur MPVanna na dearbháin sin. I gcás na Fraince, bhain an nós imeachta EU Pilot leis an mbonn cánach a chinneadh i ndáil leis an soláthar earraí nó seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV, in éagmais faisnéise ar an gcomaoin a íocadh. De réir Airteagal 73ú den Treoir CBL, go deimhin, sa chás sin beidh an bonn cánach cothrom leis an luach airgeadúil a léirítear ar an dearbhán féin nó sa doiciméadacht ghaolmhar, lúide an méid CBL a bhaineann leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear. Tar éis don reachtaíocht náisiúnta a bheith modhnaithe dá réir, agus tagtha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022, dúnadh an comhad.

---

18 Aithris 12 den Treoir maidir le Dearbháin.

19 Ní chumhdaítear leis an tseiceáil comhlíontachta ach bearta maidir le trasuí seachas saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm coincréiteach an dlí.

20 Is sásra ar mhaithe le hidirphlé neamhfhoirmiúil idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann é sásra EU Pilot, a bhaineann le saincheisteanna a maidir le neamhchomhlíonadh ionchasach dhlí an Aontais. Is féidir é a úsáid sula seolfar nós imeachta foirmiúil um shárú.

A mhéid a bhaineann le cásdlí an Aontais Eorpaigh, den chéad uair, dhéileáil[21] Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) leis an Treoir maidir le Dearbháin i gcás *DSAB Destination Stockholm,* [22]a bhain leis an léirmhíniú ar Airteagal 30a den Treoir CBL i ndáil le 'cárta cathrach'. Leis an gceist a tarchuireadh, féachadh le cinneadh a dhéanamh, maidir le hionstraim lena dtugtar an ceart don iompróir chun seirbhísí éagsúla a úsáid in áit ar leith, ar feadh tréimhse theoranta agus suas le méid áirithe, an féidir leis an ionstraim sin a bheith ina 'dearbhán' de réir bhrí Airteagal 30a(1) den Treoir CBL fiú más rud é, mar gheall ar thréimhse bailíochta theoranta na hionstraime sin, nach féidir leis an ngnáth-thomhaltóir tairbhiú de na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil, agus, más rud é gur féidir, cé acu an féidir le hionstraim den sórt sin a bheith ina MPV de réir bhrí Airteagal 30a(3) den Treoir CBL.

Ar an gcéad dul síos, chinn CBAE gur chosúil go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bheith cáilithe mar dhearbhán de réir Airteagal 30a (ar choinníoll gurb é sin a shuíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin). Shoiléirigh sí gur coinníollacha carnacha atá sa dá choinníoll: (i) ní mór oibleagáid a bheith i gceist leis an ionstraim go nglacfar léi mar chomaoin nó mar pháirtchomaoin i leith soláthar earraí nó seirbhísí agus, ii) ní mór a shonrú san ionstraim nó sa doiciméadacht ghaolmhar na hearraí nó na seirbhísí a bheidh le soláthar nó céannacht soláthraithe ionchasacha na n-earraí nó na seirbhísí sin. A mhalairt go deimhin, maidir le tréimhse bhailíochta an chárta lena mbaineann agus an cumas leas a bhaint as na seirbhísí uile a chumhdaítear leis an gcárta sin, ní gnéithe ábhartha iad chun an cárta sin a aicmiú mar 'dhearbhán' de réir bhrí Airteagal 30a. Ar an dara dul síos, meabhraíodh go gceadaítear leis an gcárta atá i gceist rochtain a fháil ar sholáthairtí éagsúla seirbhísí, atá faoi réir rátaí difriúla CBL nó atá díolmhaithe ó cháin agus go bhfuil sé dodhéanta na seirbhísí a roghnóidh sealbhóir an chárta a thuar roimh ré. Ós rud é nach eol an CBL atá dlite ar na seirbhísí sin tráth eisiúna na hionstraime sin, ní féidir í a cháiliú mar SPV. Dá bhrí sin, chinn CBAE gur MPV a bhí san ionstraim de réir bhrí Airteagal 30a(3) den Treoir CBL, toisc go bhfuil an coincheap sin iarmharach ó thaobh raon feidhme de (is MPVanna é gach dearbhán eile seachas SPVanna).

Breithiúnas a bhí ann níos déanaí ná sin ba ea an breithiúnas ó CBAE i gcás *Finanzamt O (Bons à usage unique)*[23], lenar díríodh, maidir le slabhra dáilte idir oibreoirí eacnamaíocha atá ag gníomhú ina n-ainm féin ar fud an Aontais sula soláthraítear na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán do na tomhaltóirí deiridh, ar an gceist an bhféadfadh an slabhra dáilte sin difear a dhéanamh don choinníoll maidir le SPV a bheith ann, i.e. *the place of supply of the goods or services to which the voucher relates, and the VAT due on those goods or services, are known at the time of issue of the voucher* gurb [eol áit soláthair na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, agus an CBL atá dlite ar na hearraí nó na seirbhísí sin, tráth eisiúna an dearbháin]. Rialaigh CBAE nach mbraitheann an t-aicmiú ar dearbhán mar SPV de réir bhrí Airteagal 30a(2) den Treoir CBL ach amháin ar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin, lena n-áirítear an ceanglas nach mór áit soláthair na seirbhísí do thomhaltóirí deiridh, lena mbaineann an dearbhán sin, a bheith ar eolas tráth eisiúna an dearbháin sin, gan beann ar an dearbhán a bheith faoi réir aistrithe idir daoine inchánach atá ag gníomhú ina n-ainm féin agus bunaithe ar chríoch Bhallstát seachas ar chríoch an Bhallstáit sin ina bhfuil na tomhaltóirí deiridh sin. Go bunúsach, chinn CBAE maidir le haistrithe comhleanúnacha SPV arna

---

21 Thagair CBAE freisin do dhearbháin ina breithiúnas an 17 Samhain 2022, C-607/20, *GE Aircraft Engine Services,* EU:C:2022:884, cé gur leis na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh an Treoir maidir le Dearbháin a déileáladh sa chás sin.

22 CBAE, breithiúnas an 28 Aibreán 2022, *DSAB Destination Stockholm*, EU:C:2022:304.

23 Breithiúnas CBAE an 18 Aibreán 2024, *Finanzamt O (Bons à usage unique)*, C-68/23, EU:C:2024:342.

ndéanamh ag daoine inchánach atá ag gníomhú ina n-ainm féin, atá le meas mar an soláthar lena mbaineann an dearbhán de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 30b(1), nach gcaitheann na haistrithe sin amhras ar an measúnú a dhéantar tráth eisiúna an dearbháin maidir le cé acu an n-aicmítear an dearbhán sin mar SPV, agus go sonrach, maidir le cé acu is eol nó nach eol áit soláthair na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, tráth na heisiúna. Go deimhin, thug CBAE dá haire nach bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 30b(1) den Treoir CBL ach amháin le dearbháin atá á gcáiliú (cheana féin) mar SPV de réir an dá chritéar charnacha a leagtar amach in Airteagal 30a(2), agus nach mór measúnú a dhéanamh orthu tráth eisiúna an dearbháin. Thug CBAE dá haire go mbeadh dá ndéanfaí léirmhíniú difriúil, go mbeadh cáiliú dearbháin (mar SPV nó MPV) ag brath ar cé acu a aistrítear nó nach n- aistrítear é laistigh d'aon Bhallstát amháin nó laistigh de shlabhra dáilte trasteorann. Bheadh sé sin bunoscionn le cuspóirí bunaidh na bhforálacha CBL maidir le dearbháin a bhfuil sé d'aidhm acu neamhréireachtaí, cánachas dúbailte nó neamhchánachas agus neamhréireanna ar fud na mBallstát a chosc. D'fhágfadh sé freisin go mbeadh sé beagnach dodhéanta aon dearbhán ar bith a aicmiú mar SPV.

Phléigh an Coiste um CBL saincheisteanna maidir le míniú dlíthiúil agus cur chun feidhme roinnt uaireanta freisin[24] d'fhonn rannchuidiú le forálacha na Treorach CBL a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí, arna leasú leis an Treoir Dearbhán.

Go sonrach, rinne an Coiste um CBL anailís ar na rialacha CBL maidir le dearbháin i ndáil le cártaí cathrach, ionstraimí íocaíochta agus comharthaí fóntais, mar aon leis an ngaolmhaireacht atá acu le scéimeanna speisialta CBL agus díolúintí (i.e. díolúintí leighis), lena n-áirítear na díolúintí sonracha a leagtar síos maidir le hearraí a onnmhairiú.

Ós rud é gur léirigh tromlach na mBallstát tacaíocht, tháinig an Coiste um CBL ar aontú freisin maidir le dhá shraith treoirlínte[25] maidir le cóireáil CBL na ndearbhán, ar treoirlínte iad, cé nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí ar na Ballstáit, is rannchuidiú iad leis na comhrialacha CBL a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí.[26].

Leis an gcéad sraith treoirlínte[27], aontaíodh an méid seo a leanas:

1. Toisc gurb ionstraim é dearbhán lena bhfuil oibleagáid i gceist chun glacadh léi mar chomaoin nó mar pháirtchomaoin i leith soláthar earraí nó seirbhísí leis an soláthróir

---

[24] Ag an 112ú cruinniú (*Páipéar Faisnéise maidir le cóireáil CBL 'na gcártaí cathrach' taxud.c.1(2019)2690215*), 114ú cruinniú (*Páipéar oibre Uimh. 983, Questions raised following implementation of the Voucher Directive, taxud.c.1(2019)7743273*), [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin], 116ú cruinniú (*Páipéar oibre Uimh. 993, Questions raised following implementation of the Voucher Directive - further analysis (taxud.c.1(2020)1245810*), [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin - anailís bhreise], 117ú cruinniú (*Páipéar oibre Uimh. 1001, Vouchers and the Retail Export Scheme and exports of goods, taxud.c.1(2020)6420470)*) [Dearbháin agus an Scéim um Onnmhairí Miondíola agus onnmhairiúcháin earraí], agus 122ú cruinniú (*Páipéar oibre Uimh. 1062, Vouchers in the form of City Cards – follow-up, .taxud.c.1(2023)1892223)* [Dearbháin i bhfoirm Chártaí Cathrach – obair leantach].

[25] Treoirlínte a aontaíodh ag an 116ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1043, Doiciméad B, taxud.c.1(2023)4439781 agus Treoirlínte a aontaíodh ag an 122ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1074, Doiciméad C, taxud.c.1(2024)438498.

[26] Airteagal 398 den Treoir CBL.

[27] Treoirlínte a aontaíodh ag an 116ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1043, Doiciméad B, taxud.c.1(2023)4439781.

ionchasach/na soláthróirí ionchasacha a sonraíodh tráth na heisiúna, aithníonn an Coiste um CBL d'aon toil nach mór breathnú air mar ionstraim lena ngabhann cuspóir teoranta.

2. Is é tuairim an Choiste um CBL, beagnach d'aon toil, nach féidir a mheas gur ionstraim íocaíochta é dearbhán, i bhfianaise gur ionstraim é an dearbhán arb é atá ann an chomaoin mar mhalairt ar sholáthairtí earraí nó seirbhísí atá leabaithe ann, seachas ionstraim a bhfuil sé d'éifeacht aici cistí a aistriú. Dá bhrí sin, aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, nach mbreathnófar ar fhuascailt dearbháin mar íocaíocht ach, ina áit sin, mar fheidhmiú cirt chun na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán a fháil. Maidir leis sin, tugann an Coiste um CBL dá aire, d'aon toil beagnach, go bhfuil an sealbhóir dearbháin i dteideal tairbhiú de na hearraí nó na seirbhísí nuair a fhuasclaítear an dearbhán, rud a bhfuil sé d'oibleagáid ar an soláthróir glacadh leis mar chomaoin.

3. Deimhníonn an Coiste um CBL d'aon toil nach bhfuil dearbhán cáilithe amhlaidh, ach amháin i gcás ina léireofar na hearraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó céannachtaí a soláthróirí ionchasacha ar an ionstraim féin nó i ndoiciméadacht ghaolmhar, lena n-áirítear a téarmaí agus coinníollacha. Maidir le comharthaí, nach bhfuil ina gcuid de mhargadh rialáilte laistigh den Aontas fós agus a bhfuil a gcineál faoi réir athrú, is é dearcadh comhaontach an Choiste um CBL i bprionsabal, nach measfar gur dearbháin iad de réir bhrí na Treorach CBL. Mar sin féin, aontaíonn an Coiste um CBL d'aon toil go bhfuil cur chuige cás ar chás iomchuí agus é á mheas cé acu atá nó nach bhfuil comhartha cáilithe mar dhearbhán, ag brath ar a cháilíocht agus a úsáid shonrach.

4. Aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, maidir le forálacha scéimeanna speisialta CBL, amhail na scéimeanna sin is infheidhme maidir le fiontair bheaga, gníomhairí taistil nó earraí athláimhe, saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí, arb eisceachtaí iad ó rialacha ginearálta CBL, go mbeidh forlámhas ag na forálacha sin ar chur i bhfeidhm na rialacha is infheidhme maidir le dearbháin agus ar rialacha ginearálta eile, i gcás ina mbeadh aon cheann de na rialacha sin ag teacht salach ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta agus ar a cuspóirí. Aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, nach n-athrófar cineál an dearbháin toisc go gcomhlíonann an duine a eisíonn nó a aistríonn an dearbhán na coinníollacha chun scéim speisialta a chur i bhfeidhm.

Leis an dara sraith treoirlínte[28], aontaíodh an méid seo a leanas:

1. I bhfianaise an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-637/20 DSAB *Destination Stockholm*, deimhníonn an Coiste um CBL d'aon toil, maidir le hionstraim amhail cárta cathrach a aicmiú mar dhearbhán de bhun Airteagal 30a, pointe (1), den Treoir CBL, (i) nach mór oibleagáid a bheith i gceist leis an ionstraim sin go nglacfar léi mar chomaoin nó mar pháirtchomaoin i leith soláthar earraí nó seirbhísí, agus (ii) nach mór na hearraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó céannacht sholáthróirí ionchasacha na n-earraí nó na seirbhísí sin a shonrú sa chárta cathrach nó i ndoiciméid ghaolmhara, lena n-áirítear

[28] Treoirlínte a aontaíodh ag an 122ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1074, Doiciméad C, taxud.c.1(2024)438498.

na téarmaí agus na coinníollacha úsáide. Deimhníonn an Coiste um CBL d'aon toil freisin gur coinníollacha carnacha atá sna coinníollacha sin agus nach mór iad araon a chomhlíonadh chun go n-aicmeofaí aon ionstraim mar dhearbhán.

2. Ós rud é go mbraitheann aicmiú ionstraime ar imthosca fíriciúla, aithníonn an Coiste um CBL d'aon toil nach gá go gcáileofaí gach cárta cathrach mar dhearbhán. Aontaíonn an Coiste um CBL, áfach, beagnach d'aon toil, maidir le cárta cathrach, lena dtugtar ceart do shealbhóir an chárta chun an cárta a úsáid mar chomaoin i leith cead isteach i nithe roghnaithe is díol spéise a bheidh le soláthar ag soláthróirí ainmnithe tríú páirtí, agus i leith rochtain a fháil chun úsáid a bhaint as busanna agus báid turasóireachta arna ndeonú ag eisitheoir an chárta cathrach ag áit ar leith ar feadh tréimhse theoranta agus suas le méid socraithe, go gcáileofar an cárta cathrach sin mar dhearbhán de bhun Airteagal 30a, pointe (1), den Treoir CBL.

3. Aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, i gcás ina mbeidh seirbhísí a sholáthraítear trí chárta cathrach faoi réir rátaí difriúla CBL nó díolmhaithe ó cháin go páirteach sa mhéid nach eol an CBL atá dlite ar na seirbhísí tráth eisiúna an chárta cathrach, nach mór an cárta a aicmiú mar dhearbhán ilchuspóireach i gcomhréir le hAirteagal 30a, pointe (3), den Treoir CBL. Más amhlaidh atá, aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, go mbeidh an bonn cánach den soláthar seirbhísí a sholáthraítear ina leith sin cothrom leis an gcomaoin a íocadh faoi choinne an chárta cathrach nó, in éagmais faisnéise ar an gcomaoin sin, leis an luach airgeadúil a léirítear ar an gcárta cathrach féin nó sa doiciméadacht ghaolmhar, lúide an méid CBL a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear.

4. Más rud é, mar is amhlaidh faoin tsamhail ghnó a scrúdaíodh, go soláthraíonn an t-eisitheoir cárta cathrach mar aon le soláthróirí tríú páirtí seirbhísí, aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, maidir le bonn cánach na seirbhíse arna soláthar ag eisitheoir an chárta cathrach, arb é atá sa tseirbhís sin busanna agus báid turasóireachta a reáchtáil lena n-úsáid ag sealbhóir an chárta, go mbeidh an bonn cánach sin cothrom leis an gcomaoin a íoctar faoi choinne an chárta cathrach sin, lúide an méid CBL, arna laghdú d'aon mhéid a íoctar le soláthraithe tríú páirtí faoi choinne seirbhísí a sholáthraíonn siad de bhua an chárta cathrach atá i gceist.

5. Faoin tsamhail ghnó a scrúdaíodh i gcás ina soláthróidh an t-eisitheoir cárta cathrach mar aon le soláthróirí tríú páirtí seirbhísí, aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, i leith seirbhísí amhail cead isteach i músaeim agus nithe is díol spéise nó fámaireacht arna soláthar ag soláthraí tríú páirtí do shealbhóir an chárta, a n-úsáidtear an cárta cathrach ina leith mar pháirtchomaoin, gurb é a bheidh sa bhonn cánach luach airgeadúil na seirbhíse arna soláthar mar a léirítear sa doiciméadacht ghaolmhar, lúide an méid CBL a bhaineann leis an tseirbhís sin. I gcás ina sonrófar sa chomhaontú idir eisitheoir an chárta cathrach agus an soláthróir tríú páirtí gur céatadán dá ghnáthphraghas é luach airgeadúil na seirbhíse, aontaíonn an Coiste um CBL, beagnach d'aon toil, go measfar an laghdú sin mar lascaine praghais a fhaightear tráth an tsoláthair.

4. MEASÚNÚ AR NA RIALACHA ATÁ I bhFEIDHM FAOI LÁTHAIR

Tá an measúnú seo a leanas bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit trí shuirbhé a reáchtáladh ón 27 Márta go dtí an 9 Meitheamh 2023, ar ar thug na Ballstáit uile freagra.

Bhí 45 cheist dhúnta agus 22 cheist oscailte sa suirbhé maidir leis an méid seo a leanas: i) measúnú ginearálta ar thionchair chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin i gcaitheamh 4 bliana ón tráth a glacadh í, agus ii) saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an sainmhíniú ar dhearbháin, leis an idirdhealú idir SPVanna agus MPVanna, lena n-aistriú, boinn cánach, dearbháin lascaine agus dearbháin neamhfhuascailte (chun tuarascáil mhionsonraithe ar thorthaí an tsuirbhé a fháil féach an Iarscríbhinn - tuarascáil achoimre).

Léirigh an measúnú ginearálta **nach raibh dóthain faisnéise ag tromlach na mBallstát chun freagra a thabhairt ar fhormhór na gceisteanna** ach, a mhéid a bhí faisnéis ar fáil, **feictear dóibh gur baineadh amach cuspóirí na rialacha CBL maidir le dearbháin a bheag nó a mhór agus go bhfuil siad ábhartha den chuid is mó**. A mhéid a bhaineann leis an dara cuid den mheasúnú, fuarthas **aiseolas dearfach ginearálta** maidir leis na forálacha lena rialáiltear **an sainmhíniú** ar dhearbháin agus ar **aistriú na ndearbhán, agus níor tharraing ach mionlach de na Ballstáit saincheisteanna sonracha anuas**, a bhain, áfach, go príomha le cur i bhfeidhm na rialacha mar atá siad agus ar saincheisteanna iad a bhí á bplé cheana féin sa Choiste um CBL nó i mbreithiúnais ó CBAE.

4.1 Measúnú ginearálta

Éifeachtacht

Léirigh an anailís **go mbaintear amach formhór na gcuspóirí a bhaineann leis na rialacha CBL maidir le dearbháin**.

Mar a luaitear i Roinn 1, is é ab aidhm don Treoir maidir le Dearbháin na rialacha CBL is infheidhme maidir le dearbháin a shimpliú, a nuachóiriú agus a chomhchuibhiú[29], agus go háirithe chun *ensure certain and uniform treatment, to be consistent with the principles of a general tax on consumption exactly proportional to the price of goods and services, to avoid inconsistencies, distortion of competition, double or non-taxation and to reduce the risk of tax avoidance* [cóireáil dheimhneach aonfhoirmeach a áirithiú, chun bheith comhsheasmhach leis na prionsabail a bhaineann le cáin tomhaltais ghinearálta a bheidh i gcomhréir go beacht le praghas na n-earraí agus na seirbhísí, chun neamhréireachtaí, saobhadh iomaíochta agus cánachas dúbailte nó neamhchánachas a sheachaint agus chun riosca na seachanta cánach a laghdú][30].

Bunaithe ar na freagraí ar an suirbhé[31], **d'aontaigh tromlach na mBallstát** gur fhág cur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin i gcaitheamh na chéad 4 bliana, go páirteach ar a laghad, go raibh i) **an chomhlíontacht níos simplí**, agus ii) **na ceanglais níos aonfhoirmí**.

Sa bhreis air sin, leis an tseiceáil comhlíontachta a rinne TAXUD, mar a léirítear i Roinn 3, cé go raibh sí teoranta do ghnéithe foirmiúla den reachtaíocht, níor thángthas ar aon mhórfhadhb i dtaca le trasuí na rialacha maidir le dearbháin ag na Ballstáit.

[29] Aithris 13 den Treoir maidir le Dearbháin.
[30] Aithris 2 den Treoir maidir le Dearbháin.
[31] Féach an Iarscríbhinn chun an tuarascáil achoimre ar na freagraí ar an suirbhé a fháil.

De thoradh na hoibre a rinneadh le blianta beaga anuas i gcomhthéacs an Choiste um CBL, aontaíodh dhá shraith treoirlínte[32], rud a chuidigh a thuilleadh le cuspóir an chomhchuibhithe a bhaint amach.

Maidir le cé acu a tugadh nó nár tugadh aghaidh leis na rialacha CBL maidir le dearbháin **ar shaincheisteanna a bhaineann le calaois, ní raibh dóthain faisnéise ag formhór mór na mBallstát**. Mar fhreagra ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé, **níor tharraing ach mionlach de na Ballstáit** aird ar **shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le drochúsáid** . Dar le Ballstát amháin, d'fhéadfaí dearbháin a úsáid le haghaidh sciúradh airgid agus tá riosca drochúsáide ann sa mhéid go bhféadfadh daoine inchánach dearbhán a chumrú mar SPV nó MPV. Thug Ballstát eile an riosca drochúsáide sin chun suntais freisin, mar gheall ar an líne thanaí lena ndeighltear SPVanna agus MPVanna, b'amhlaidh, dar leis an mBallstát sin, a thugtar isteach toimhde dhlíthiúil, is é sin, go meastar gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí nuair a eisítear SPV, rud a chruthaíonn deis do chalaoiseoirí dá dheasca freisin. Dar le Ballstát eile, is féidir le daoine inchánach a samhail ghnó a athrú tar éis dóibh dearbhán a eisiúint chun go mbeidh sí cáilithe mar MPV. Dheimhnigh dhá Bhallstát eile gur gnách le heisitheoirí síneadh a chur le raon na n-earraí agus na seirbhísí infhuascailte atá faoi réir rátaí cánach difriúla chun go mbeidh dearbhán cáilithe mar MPV seachas mar SPV.

Éifeachtúlacht

Léirigh an anailís **nach bhfuil dóthain faisnéise ag na Ballstáit** chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil gnóthachain nó caillteanais éifeachtúlachta ann de thoradh na rialacha CBL maidir le dearbháin.

Ón suirbhé, go deimhin, **ní raibh dóthain faisnéise ag formhór mór na mBallstát** faoi cé acu, i gcaitheamh na chéad 4 bliana, a tháinig nó nár tháinig laghdú de thoradh na rialacha CBL maidir le dearbháin ar na costais riaracháin do chuideachtaí a bhí ag eisiúint agus/nó ag aistriú SPVanna nó MPVanna agus d'údaráis fhioscacha/do riaracháin custaim.

Léiríonn na freagraí ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé gur bhain formhór na bhfadhbanna a tarraingíodh anuas i dtaca le riaradh na rialacha nua, i gcás na n-údarás fioscach agus daoine inchánach araon, le hionstraimí áirithe a cháiliú (e.g. cártaí cathrach nó comharthaí), agus leis an idirdhealú idir SPVanna agus MPVanna. Bhain saincheisteanna eile le bonn cánach na MPVanna a chinneadh agus lena n-aistriú (e.g. seirbhísí dáileacháin agus MPVanna fuascailte). Is mionlach de na Ballstáit a tharraing na saincheisteanna sin anuas, áfach, agus bhain siad le hábhair atá á bplé cheana féin ag an gCoiste um CBL, agus gach ceann díobh ag baint le gnéithe de chur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair.

Ábharthacht

A mhéid atá faisnéis ar fáil do na Ballstáit, léirigh an anailís go **meastar gur rialacha a bhaineann le hábhar, den chuid is mó, iad na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair.**

[32] Treoirlínte a aontaíodh ag an 116ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1043, Doiciméad B, taxud.c.1(2023)4439781 agus treoirlínte a aontaíodh ag an 122ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1074, Doiciméad C, taxud.c.1(2024)438498.

Sa suirbhé, go deimhin, **d'aontaigh tromlach na mBallstát** gur fhág cur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin i gcaitheamh na chéad 4 bliana, go páirteach ar a laghad, go raibh **rialacha CBL** maidir le dearbháin **ann a bhí oiriúnaithe do shamhlacha gnó éagsúla.**

D'aontaigh beagnach leath na mBallstát freisin gur fhág cur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin, go páirteach ar a laghad, go raibh **rialacha CBL ann a bhí oiriúnach chun déileáil le samhlacha gnó nua agus samhlacha gnó atá ag teacht chun cinn. Ní raibh dóthain faisnéise ag an leath eile** (seachas Ballstát amháin[33]) de na Ballstáit **chun a dtuairim a chur in iúl** ina leith sin.

D'aontaigh beagnach leath[34] na mBallstát gur fhág cur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin, go páirteach ar a laghad, go raibh **rialacha CBL ann a bhí oiriúnach chun déileáil le cásanna trasteorann.** Maidir leis sin, **ní raibh dóthain faisnéise ag leath na mBallstát**.

Maidir leis sin, mar fhreagra ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé, níor luaigh ach mionlach de na Ballstáit an t-idirdhealú idir dearbháin agus ionstraimí nua eile (amhail comharthaí, eochracha cluiche) agus trádáil trasteorann na ndearbhán mar nithe a d'fhéadfadh a bheith ina bhfadhbanna. Cé go bhfuil plé leanúnach ar siúl sa Choiste um CBL faoin idirdhealú idir ionstraimí éagsúla, mar a luaitear thuas, maidir le trádáil trasteorann na ndearbhán, d'eisigh CBAE breithiúnas le déanaí[35].

Comhleanúnachas

Léirigh an anailís go bhfuil na rialacha CBL maidir le dearbháin **i gcomhréir le prionsabail an chórais CBL**.

Mar a luadh roimhe, ceann de chuspóirí na Treorach maidir le Dearbháin ba ea comhsheasmhacht a áirithiú leis na prionsabail a bhaineann le cáin tomhaltais ghinearálta, a bheadh i gcomhréir go beacht le praghas na n-earraí agus na seirbhísí.

Áirithítear é sin i gcás SPVanna leis an riail[36] faoi nach mór **gach aistriú SPV** a mheas mar sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí foluiteacha, agus nach meastar gur idirbheart neamhspleách é soláthar iarbhír na n-earraí nó na seirbhísí i gcomaoin SPV. Tá feidhm ag an riail sin toisc gurb eol an áit soláthair agus an CBL atá dlite i leith na n-earraí nó na seirbhísí foluiteacha tráth eisiúna na ndearbhán sin. Tá sé sin comhleanúnach freisin leis an bhficsean dlí in Airteagal 28 den Treoir CBL, ar dá réir nach mór duine inchánach, a ghlacann páirt i soláthar seirbhísí, a mheas mar dhuine a fuair agus a sholáthair na seirbhísí atá i gceist agus é ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann duine eile. De bhun Airteagal 73 de Threoir CBL, is éard is bonn cánach SPV ann an praghas iomlán a fhaightear mar mhalairt ar an SPV sin (lena n-áirítear aon seirbhís idirghabhála).

Áirithítear comhsheasmhacht leis an gcóras CBL freisin leis an **riail[37] is infheidhme maidir le MPVanna**, ar dá réir nach ngearrtar CBL ar na hearraí agus na seirbhísí foluiteacha ach tráth

33 Thug an Ballstát atá i gceist freagra 'níl in aon chor'.
34 Thug dhá Bhallstát an freagra 'níl in aon chor'.
35 Breithiúnas CBAE an 18 Aibreán 2024, *Finanzamt O (Bons à usage unique)*, C-68/23, EU:C:2024:342.
36 Airteagal 30b(1) den Treoir CBL
37 Airteagal 30b(2) den Treoir CBL

na fuascailte amháin. Is infheidhme é sin toisc gur gá fanacht i gcás MPVanna go dtí go soláthrófar na hearraí nó na seirbhísí iarbhír chun gurb eol an CBL a bheidh dlite. Áirithítear leis sin go mbeidh cóireáil cánach an idirbhirt mar an gcéanna, bíodh na hearraí nó na seirbhísí á soláthar trí úsáid dearbháin nó ná bíodh. Leis an mbonn cánach a ríomh faoin riail ar leith in Airteagal 73a den Treoir CBL, áirithítear comhsheasmhacht leis an bprionsabal CBL freisin, is é sin, nach féidir an bonn cánach don CBL a bheidh le bailiú ag na húdaráis fhioscacha a bheith níos mó ná an chomaoin iarbhír a d'íoc an tomhaltóir deiridh[38]. Ar an gcúis sin, tá an bonn cánach cothrom leis an gcomaoin a íocadh, i gcás inarb eol í, nó ar shlí eile, leis an luach airgeadúil a léirítear ar MPV nó i ndoiciméadacht ghaolmhar, lúide CBL ar na hearraí nó ar na seirbhísí a sholáthraítear.

I gcás ina ndéanfaidh duine inchánach seachas soláthróir iarbhír na n-earraí nó na seirbhísí **MPV a aistriú**, ní mór CBL a ghearradh ar aon soláthar seirbhísí dáileacháin nó fógraíochta feadh an tslabhra. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcóras CBL freisin, rud lena n-áirithítear go ngearrtar cáin ar iomláine na n-oibríochtaí inchánach atá bainteach le MPV – is é sin, dáileadh agus soláthar na n-earraí nó na seirbhísí foluiteacha leis an dearbhán – ar bhealach cuimsitheach, neodrach agus trédhearcach. Ní mór bonn cánach na seirbhísí sin a chinneadh de réir Airteagal 73 den Treoir CBL.

Áirithítear comhsheasmhacht leis an gcóras CBL freisin i gcás inarb amhlaidh, mar a d'aontaigh an Coiste um CBL, i) maidir le forálacha **na scéimeanna speisialta CBL**, amhail na scéimeanna sin is infheidhme maidir le fiontair bheaga, gníomhairí taistil nó earraí athláimhe, saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí, arb eisceachtaí iad ó rialacha ginearálta CBL, a bheidh forlámhas ag na forálacha sin ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le dearbháin agus rialacha ginearálta eile, i gcás ina mbeadh aon cheann de na rialacha sin ag teacht salach ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta agus ar a cuspóirí agus ii) nach mbeidh cineál an dearbháin le hathrú toisc go gcomhlíonann an duine a eisíonn nó a aistríonn an dearbhán na coinníollacha chun scéim speisialta a chur i bhfeidhm.

A mhéid a bhaineann le hidirghníomhú na rialacha CBL maidir le dearbháin **le tionscnaimh bheartais eile,** soiléiríodh sa togra tosaigh ón gCoimisiún maidir le cóireáil CBL na ndearbhán gurb amhlaidh maidir le *seirbhís íocaíochta nach measfar gur dearbhán í de réir bhrí Threoir 2007/64/CE*[39]. Cé gur fágadh an fhoráil sin ar lár nuair a glacadh na rialacha sa Chomhairle, tar éis dhá pháipéar[40] aontaíodh treoirlínte ón gCoiste um CBL gurb amhlaidh chun críoch CBL *a **voucher** cannot be considered a payment instrument given that it is an instrument that constitutes the consideration in exchange for supplies of goods or services embedded therein and **not an instrument having the effect of transferring funds*** [nach féidir a mheas gur ionstraim íocaíochta é dearbhán, i bhfianaise gur ionstraim é an dearbhán arb é atá ann an chomaoin mar mhalairt ar sholáthairtí earraí nó seirbhísí atá leabaithe ann, seachas ionstraim a bhfuil sé d'éifeacht aici cistí a aistriú]. Go deimhin, tá an sealbhóir dearbháin i

---

38 CBAE, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996 i gcás C-317/94, *Elida Gibbs*, EU:C:1996:400, mír 19.

39 Aisghaireadh an Treoir dá éis sin agus cuireadh Treoir 2015/2366 ina hionad (an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta – PSD2).

40 An 114ú cruinniú den Choiste um CBL, Páipéar Oibre Uimh. 983, Questions raised following implementation of the Voucher Directive [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin] (taxud.c.1(2019)7743273), 116ú cruinniú den Choiste um CBL, Páipéar Oibre Uimh. 993, Questions raised following implementation of the Voucher Directive - further analysis [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin - anailís bhreise], (taxud.c.1(2020)1245810).

dteideal tairbhiú de na hearraí nó na seirbhísí nuair a fhuasclaítear an dearbhán, rud a bhfuil sé d'oibleagáid ar an soláthróir glacadh leis mar chomaoin. Tháinig an Coiste um CBL ar na conclúidí sin freisin ar bhonn an tsainmhínithe faoin Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2)[41] ar '**ionstraim íocaíochta**' rud a chiallaíonn aon fheiste phearsantaithe (aon fheistí pearsantaithe) agus/nó tacar de nósanna imeachta atá comhaontaithe ag an úsáideoir seirbhíse íocaíochta agus an soláthraí seirbhíse íocaíochta agus **a úsáidtear chun ordú íocaíochta a thionscnamh**.

Breisluach AE

Mar a luadh roimhe seo, is é is aidhm don Treoir maidir le Dearbháin na rialacha maidir le cóireáil CBL na ndearbhán a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú, ar ina n-éagmais sin a d'fhorbair na Ballstáit réitigh neamhchomhordaithe, rud a d'fhág go raibh rioscaí ann i leith cánachas dúbailte nó neamhchánachas, seachaint cánach agus bacainní ar nuálaíocht ghnó.

I gcás na bhfadhbanna a dtugtar aghaidh orthu leis an Treoir maidir le Dearbháin, tá gné i gceist ó thaobh an Mhargaidh Aonair de, ós rud é go bhféadfadh saobhadh a bheith ann de dheasca easpa na cóireála aonfhoirmí ar fud an Aontais ó thaobh chóireáil CBL na ndearbhán de, rud ba cheart a chosc le comhchóras CBL an Aontais trí fheidhmiú cuí an mhargaidh a áirithiú. Níorbh fhéidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin amháin. **I bhfianaise an mhéid sin, áirithíodh breisluach AE leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair.**

Mar sin féin, sna freagraí ar an suirbhé, níor cuireadh aon tuairim shoiléir in iúl maidir leis sin. **D'aontaigh beagnach leath**[42] na mBallstát ó thaobh na rialacha CBL maidir le dearbháin de **gur soláthraíodh tairbhí don údarás fioscach/riarachán custaim,** go páirteach ar a laghad, cé nach raibh dóthain faisnéise ag beagnach leath na mBallstát faoi sin.

Ní raibh dóthain eolais ag tromlach na mBallstát faoi cé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh **tairbhí don earnáil** leis na rialacha CBL maidir le dearbháin. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh dóthain faisnéise ag formhór mór na mBallstát/beagnach na Ballstáit uile faoi cé acu a tháinig nó nár tháinig méadú **ar thrádáil intíre nó trasteorann na ndearbhán** de thoradh na rialacha sin.

4.2 Measúnú ar thopaicí sonracha

Seachas an measúnú ginearálta ar chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach CBL a mhéid a bhaineann le cóireáil CBL na ndearbhán, rinneadh measúnú sonrach go háirithe ar an sainmhíniú ar dhearbháin, na rialacha CBL a bhaineann leis an gcánachas ar dhearbháin sa slabhra dáilte agus ar dhearbháin neamhfhuascailte.

De thoradh an tsuirbhé, fuarthas **aiseolas dearfach ginearálta** maidir leis na forálacha lena rialáiltear **an sainmhíniú** ar dhearbháin agus ar **aistriú na ndearbhán**.

---

41 Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

42 Thug dhá Bhallstát an freagra 'níor soláthraíodh in aon chor'.

I gcás thromlach na mBallstát, d'aontaigh siad nó d'aontaigh siad go mór go bhfuil na forálacha maidir leis an sainmhíniú ginearálta ar dhearbhán, ar an sainmhíniú ar SPVanna agus ar an idirdhealú idir SPVanna agus MPVanna agus ar aistriú SPVanna agus MPVanna i) **soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm** agus go bhfágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair agus ii) **go bhfuil siad soiléir do dhaoine inchánach** chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí[43]. D'aontaigh tromlach na mBallstát freisin gur chuir na forálacha sin ar chumas an riaracháin náisiúnta na **rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú**.

Maidir le **MPVanna a dháileadh**, rud nach bhfuil aon fhoráil shonrach ina leith sa Treoir maidir le Dearbháin, **d'aontaigh tromlach na mBallstát** go bhfuil an dáileadh a dhéanann duine inchánach, seachas eisitheoir an dearbháin ina sholáthar seirbhísí chun críocha na Treorach CBL agus go bhfuil bonn cánach na seirbhíse dáileacháin sin cothrom leis an difríocht idir luach ainmniúil an dearbháin agus an praghas ceannaigh a íocadh, lúide an méid CBL a bhaineann leis an tseirbhís dáileacháin arna soláthar. Maidir le '**dearbháin lascaine**', rud nach bhfuil aon riail shonrach ina leith sa Treoir maidir le Dearbháin ach oiread, **ní raibh dóthain faisnéise ag leath/tromlach na mBallstát** chun tuairim a chur in iúl maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dáileadh na ndearbhán sin ina sholáthar seirbhíse fuascailte más rud é gur duine inchánach a dhéanann an dáileadh sin, seachas eisitheoir an dearbháin, má fhaigheann an duine inchánach, a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, comaoin ón eisitheoir[44] agus maidir le céard é bonn cánach na seirbhíse dáileacháin sin.

Maidir le **dearbháin neamhfhuascailte**, arís, rud nach bhfuil aon fhoráil shonrach ina leith sa Treoir maidir le Dearbháin, tá **deighilt idir** na Ballstáit maidir le cé acu ar soláthraíodh **treoraíocht** shonrach maidir le cóireáil CBL na ndearbhán sin.

Mar fhreagra ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé (féach an Iarscríbhinn le haghaidh na tuarascála achoimre), **níor tharraing ach mionlach de na Ballstáit saincheisteanna sonracha** anuas maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair. Bhain na príomhfhadhbanna a sainaithníodh le saincheisteanna **atá á bplé cheana féin ag an gCoiste um CBL** amhail ionstraim a cháiliú mar dhearbhán agus ansin, a luaithe a shuífear gur dearbhán atá ann, an t-idirdhealú idir SPVanna agus MPVanna. **Bhain saincheisteanna eile le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair**, amhail an trádáil trasteorann i ndearbháin (ar díríodh air le déanaí le breithiúnas ó CBAE) agus leis an mbonn cánach a ríomh, go háirithe i gcás MPVanna a fhuascailt agus seirbhísí dáileacháin gaolmhara, nó bhain na saincheisteanna le gnéithe neamhrialáilte den reachtaíocht, amhail dearbháin neamhfhuascailte a láimhseáil. Tá achoimre ar na saincheisteanna is ábhartha leagtha amach thíos.

<u>Dearbhán a shainmhíniú agus a cháiliú</u>

- **Fuascailt agus dáileadh trasteorann na ndearbhán**, sin saincheist a tharraing seacht mBallstát anuas. Luaigh cúig Bhallstát an fhadhb a bhaineann le dearbhán a cháiliú mar SPV i gcás ina mbeidh idirbhearta trasteorann i gceist (maidir leis an deacracht a bhaineann

[43] Gan ach aon eisceacht amháin ann. Ní tromlach a bhí i gceist, ach d'aontaigh beagnach leath na mBallstát go bhfuil na forálacha maidir le 'soláthróir measta' a bhaineann le haistrithe SPV soiléir do dhaoine inchánach, arb iad na soláthraithe earraí/seirbhísí iad agus nach iad na daoine inchánach a rinne, ag gníomhú dóibh ina n-ainm féin, SPV a eisiúint, chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

[44] Mar sin féin, de réir 10 mBallstát, áfach, ba é 'tá' an freagra.

le hidirdhealú a dhéanamh idir SPVanna agus MPVanna, luadh cás *Finanzamt O (Bons à usage unique)*). De na Ballstáit sin, luaigh dhá Bhallstát an tsaincheist maidir le hathrú reachtúil ar an ráta cánach nó athrú ar an áit soláthair tar éis do SPV a bheith eisithe. D'fhiafraigh Ballstát eile díobh cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé go ndéanfaí difear do cháiliú dearbháin mar SPV i bhfianaise go ngearrtar corrlaigh feadh slabhra dáilte sa chaoi go n-athraítear an bonn cánach. Ar deireadh, mheabhraigh dhá Bhallstát faoi seach an tábhacht a bhaineann leis an ionstraim a cháiliú i gceart i gcomhthéacs aistriú na hionstraime agus an chastacht a bhíonn roimh dhaoine inchánach agus SPVanna i gceist le slabhra soláthairtí.

- Cáiliú **cárta cathrach**, tharraing sé Bhallstát anuas é (is leis an tréimhse sular aontaíodh tacar treoirlínte[45] maidir le saincheisteanna gaolmhara i gcomhthéacs an Choiste um CBL – Roinn 3 a bhain an chuid is mó de sin, áfach). Dar le dhá Bhallstát, tá ceisteanna nua tagtha chun cinn de thoradh chás *DSAB Destination Stockholm* maidir leis an sainmhíniú atá ar dhearbhán. Dar le Ballstát eile, níor cheart gur dearbhán a bheadh in ionstraim nach bhfuil inti ach síntiús ar ráta comhréidh (úsáid neamhtheoranta seirbhíse i dtréimhse áirithe). Thagair Ballstát amháin don phlé sa Choiste um CBL maidir le cártaí cathrach i ndáil le deacrachtaí i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir le haistrithe MPVanna. Luaigh dhá Bhallstát an deacracht atá ann idirdhealú a dhéanamh idir SPVanna agus MPVanna (luaigh Ballstát amháin díobh an deacracht a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir an soláthar seirbhísí freisin) a mhéid a bhaineann le cártaí cathrach.

- **Comharthaí** a cháiliú, tharraing cúig Bhallstát anuas é. Maidir leis sin, ba é tuairim an Choiste um CBL sna treoirlínte uaidh nach measfar, i bprionsabal, gur dearbháin iad comharthaí de réir bhrí na Treorach CBL, cé go bhfuil cur chuige cás ar chás iomchuí agus é á mheas cé acu atá nó nach bhfuil comhartha cáilithe mar dhearbhán. Sa suirbhé, thug dhá Bhallstát chun suntais go bhféadfadh na rialacha a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhealach neamhchomhchuibhithe de thoradh cur chuige cás ar chás agus nach ráthaítear deimhneacht dhlíthiúil leis, agus luaigh trí Bhallstát comharthaí/eochracha cluichí, cóid gníomhachtaithe cluichí arna ndíol ag ríomhardáin agus 'comharthaí seirbhíse ICO'[46] i gcomhthéacs na ndeacrachtaí le dearbháin a cháiliú agus idirdhealú a dhéanamh idir SPVanna agus MPVanna.

- Luaigh cúig Bhallstát **cártaí lascaine**. Dar le Ballstát amháin díobh, maidir le cárta nach dtugtar ceart leis ar earraí ná ar sheirbhísí sonracha a fháil, díreach an deis lascaine a fháil, níor cheart é a cháiliú mar dhearbhán. Tháinig Ballstát eile ar dheacrachtaí maidir le hionstraimí ilchuspóireacha a cháiliú, agus na hionstraimí sin ag gníomhú mar dhearbháin agus cártaí lascaine araon. Ba dheacair do thrí Bhallstát idirdhealú a dhéanamh idir dearbhán agus cárta lascaine.

- Luaigh ceithre Bhallstát **réamhíocaíochtaí**. Tharraing Ballstát amháin anuas an tsaincheist maidir le réamhíocaíochtaí a cháiliú mar SPVanna, MPVanna nó mar sholáthar seirbhísí. D'fhiafraigh Ballstát eile cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé cruthúnas ar réamhíocaíocht a bheith ina dhearbhán. Sholáthair an tríú Ballstát an sampla a bhain le háirithint lenar ghabh réamhíocaíocht a d'fhéadfaí a mhodhnú suas le 1 mhí amháin roimh thús fanachta agus d'fhiafraigh sé cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé sin a bheith

[45] Treoirlínte a aontaíodh ag an 122ú cruinniú, Páipéar oibre Uimh. 1074, Doiciméad C, taxud.c.1(2024)438498.
[46] Is é Tairiscint Tosaigh Bonn an chiall atá le ICO Initial Coin Offering.

ina MPV. Ar deireadh, thug Ballstát amháin chun suntais, nuair a aistrítear SPV, go bhféadfaí an íocaíocht a chóireáil go mícheart mar réamhíocaíocht as an soláthar.

- **Ionstraim íocaíochta** a cháiliú, tharraing ceithre Bhallstát anuas é. Mar a luadh roimhe, tar éis dhá pháipéar[47] agus plé sa Choiste um CBL, aontaíodh treoirlínte nach féidir dearbhán a mheas mar ionstraim íocaíochta. Sa suirbhé, luaigh trí Bhallstát a deacracht le hidirdhealú a dhéanamh idir dearbháin agus ionstraimí íocaíochta, agus thug aon Bhallstát amháin an sampla i dtaca le 'pointí a úsáidtear laistigh de chóras malartúcháin' agus cé acu is ceart nó nár cheart iad a mheas mar ionstraimí íocaíochta nó mar dhearbháin.

- **Cártaí bronntanais, scríobchártaí agus dearbháin réamhíoctha**, luaigh trí Bhallstát iad go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le cártaí bronntanais a cháiliú (lena n-áirítear na cártaí sin a fhaightear de thoradh siopadóireacht a rinneadh roimhe), cártaí réamhíoctha arna n-eisiúint ag 'teileaoibreoirí', cártaí breosla réamhíoctha, scríobchártaí agus cúpóin lena dtugtar ceart ar earraí a bhailiú saor in aisce.

- **Ticéid** a cháiliú, tharraing dhá Bhallstát anuas é, go háirithe i ndáil le hAithris 5 den Treoir maidir le Dearbháin lena soiléirítear nár cheart, leis na forálacha maidir le dearbháin, go dtionscnófaí aon athrú ar chóireáil CBL na dticéad iompair, na dticéad isteach chuig pictiúrlanna agus músaeim, na stampaí poist ná nithe comhchosúla.

- Tharraing dhá Bhallstát anuas an ghaolmhaireacht le **scéimeanna speisialta agus díolúintí**, go háirithe maidir le cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, de thoradh fiontar beag agus meánmhéide (FBM) díolmhaithe a bheith sa slabhra soláthair nó, a mhalairt ar fad, duine inchánach nach bhfuil an cháilíocht phearsanta aige le haghaidh díolúine ó CBL (e.g. seirbhísí leighis), a d'fhéadfaí cineál an dearbháin a athrú, agus maidir le dearbhán a cháiliú mar SPV i gcás ina bhféadfadh feidhm a bheith ag díolúine do thaistealaithe tríú tír.

<u>Rialacha CBL maidir leis an gcánachas ar dhearbháin sa slabhra dáilte:</u>

<u>SPVanna a aistriú</u>

- **SPV á aistriú ag duine ina ainm féin**. Luaigh trí Bhallstát fadhbanna maidir le bheith ag brath cé acu a ghníomhaíonn nó nach ngníomhaíonn duine inchánach ina ainm féin feadh slabhra dáilte.

- **SPV á aistriú in ainm duine inchánach eile,** luaigh ceithre Bhallstát é sin, lena n-áirítear deacrachtaí a thagann chun cinn le hoibleagáidí cánach sa Bhallstát ina ndéantar an dearbhán a fhuascailt, le bonn cánach na seirbhíse arna soláthar a chinneadh (agus cé air ar cheart sonrasc le haghaidh táillí a dhíriú) agus maidir le tráth an tsoláthair a chinneadh.

- **An ghaolmhaireacht le scéimeanna speisialta a bhaineann le haistrithe SPV,** luaigh dhá Bhallstát é sin i ndáil le cé acu is ceart nó nár cheart cáin a ghearradh ar sholáthar SPV i gcás ina mbeidh an t-eisitheoir agus/nó an fuascailteoir díolmhaithe faoin scéim FBM agus

[47] Páipéir oibre Uimh. 983, Questions raised following implementation of the Voucher Directive [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin], taxud.c.1(2019)7743273 agus Uimh. 993, Questions raised following implementation of the Voucher Directive - further analysis [Ceisteanna a tarraingíodh anuas tar éis chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin - anailís bhreise], taxud.c.1(2020)1245810.

an fhadhb nach bhfuil asbhaint cánach ann i dtaca le hionchur i gcás FBM díolmhaithe atá sa slabhra dáilte.

- **An riail maidir leis an soláthróir measta a bhaineann le haistrithe SPV**, luaigh dhá Bhallstát é sin a mhéid a bhaineann leis na dúshláin a bhíonn i gceist leis an riail sin a chur i bhfeidhm agus maidir le léirmhínithe difriúla na n-údarás fioscach ar bhonn cánach an tsoláthair arna dhéanamh ag an soláthróir measta agus ar na hoibleagáidí i leith sonrascadh a thagann as sin.

MPVanna a dháileadh

- **Bonn cánach na seirbhísí dáileacháin**, tharraing sé Bhallstát é sin anuas i dtaca, go háirithe, leis an deacracht a bhaineann leis an mbonn cánach a ríomh i gcás nach ndéanfar an chomaoin a shonrascadh ar leithligh nó más rud é, feadh an tslabhra, go ndáiltear an dearbhán ar phraghas atá faoi bhun a luacha ainmniúil. Soiléiríodh freisin i dtaca leis an riail maidir leis an difríocht idir an luach ainmniúil agus an praghas ceannaigh a íocadh, lúide an méid CBL a bhaineann leis an tseirbhís dáileacháin a sholáthraítear, go bhfuil feidhm ag an riail sin mura bhfuil aon táille ar leithligh socraithe le haghaidh na seirbhíse.

- **An t-idirdhealú idir soláthairtí éagsúla**, tharraing trí Bhallstát é sin anuas agus luaigh siad, go háirithe, an deacracht a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir MPV é féin a sholáthar agus seirbhís dáileacháin a sholáthar, ar seirbhís í sin a dhéantar thar ceann duine inchánach eile.

- **Gníomhú thar ceann duine eile**, tharraing dhá Bhallstát é sin anuas a mhéid a bhaineann, go háirithe, leis an tsaincheist lena chinneadh cé dó a soláthraítear na seirbhísí i slabhra dáilte ina bhfuil idirghabhálaithe iolracha.

- **Oibleagáidí maidir le sonrascadh,** tharraing dhá Bhallstát é sin anuas.

An bonn cánach ar MPVanna a fhuascailt

Mar fhreagra ar cheisteanna dúnta an tsuirbhé, **d'aontaigh tromlach na mBallstát nó d'aontaigh siad go mór, i dtaca leis na forálacha maidir le bonn cánach an tsoláthair earraí nó seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV, go bhfuil na forálacha sin soiléir agus éasca a chur i bhfeidhm** agus go bhfágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair. D'aontaigh beagnach leath na mBallstát freisin go bhfuil na forálacha sin soiléir do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí agus go gcuireann na forálacha sin ar chumas an riaracháin náisiúnta na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú.

I gcomhthéacs cheisteanna oscailte an tsuirbhé, **thug aon Bhallstát déag barúlacha ar an tsaincheist sin,** agus thug siad chun suntais go háirithe na deacrachtaí a bhaineann leis an mbonn cánach a chinneadh, go háirithe i gcás cártaí cathrach, nó i gcás MPVanna a bhaineann le hearraí/seirbhísí iolracha, mar aon leis an deacracht atá i gceist le hasbhaint ón mbonn cánach a dhéanamh gach uair a úsáidtear páirt den dearbhán agus le fadhb na ndearbhán gan luach airgeadúil nuair nach eol an chomaoin arna híoc. Cuireadh amhras in iúl maidir le cén duine lena mbaineann an tagairt 'an chomaoin a íocadh faoi choinne an dearbháin' (i.e., an praghas a d'íoc an custaiméir leis an dáileoir deireanach, nó an praghas a d'íoc an t-eisitheoir leis an soláthróir). Ar deireadh, tugadh faoi deara go bhféadfaí teacht salach ar an mbunriail maidir

leis an mbonn cánach i gcás inarb amhlaidh, de thoradh na rialacha maidir le MPVanna, a ghearrfaí cáin ar mhéid a bheadh difriúil leis an méid iarbhír a fuair an soláthróir ó eisitheoir an dearbháin.

Dearbháin neamhfhuascailte

Luaigh sé Bhallstát saincheisteanna a tháinig chun cinn i dtaca le dearbháin neamhfhuascailte, go háirithe a mhéid a bhaineann le cé acu atá nó nach bhfuil cáin le gearradh ar an gcomaoin a coinníodh agus nár aisíocadh, agus le cáiliú féideartha na comaoine sin mar chomaoin i leith seirbhís dáileacháin/fógraíochta nó 'seirbhís infhaighteachta', ón soláthróir do shealbhóir an MPV. Tugadh faoi deara freisin go bhféadfadh an easpa rialála a bheith ina spreagadh ar son MPVanna seachas SPVanna a eisiúint chun moill a chur ar inmhuirireacht CBL agus íocaíocht a sheachaint i gcás neamhfhuascailt an dearbháin.

5. CONCLÚIDÍ

Ó bhí an 1 Eanáir 2019 ann, tá comhrialacha CBL maidir le dearbháin á gcur i bhfeidhm san Aontas. Leis an tuarascáil sin, de bhun Airteagal 410b de Threoir CBL, rinneadh measúnú ar fheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm na rialacha sin ag na Ballstáit sna 4 bliana ó cuireadh na rialacha i bhfeidhm den chéad uair (idir 2019 agus 2022).

I dtosach báire, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh arbh é ab aidhm dó na rialacha CBL is infheidhme maidir le dearbháin a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú, ar ina n-éagmais sin a d'fhorbair na Ballstáit réitigh neamhchomhordaithe, rud a d'fhág go raibh rioscaí ann i leith cánachas dúbailte nó neamhchánachas. Maidir leis na forálacha a bhí beartaithe sa chéad togra ón gCoimisiún, níor ghlac an Chomhairle cuid acu ar deireadh, rud a d'fhág, dá bhrí sin, nach dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sonracha áirithe (e.g. seirbhísí íocaíochta) leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair[48]. Le blianta beaga anuas, áfach, rannchuidigh an Coiste um CBL leis na forálacha nua a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí, agus cúig pháipéar oibre pléite agus dhá shraith treoirlínte arna n-aontú ag tromlach na mBallstát i ndáil le dearbháin agus lena ngaolmhaireacht le hionstraimí íocaíochta, comharthaí, scéimeanna speisialta CBL, agus cártaí cathrach, lenar cumhdaíodh dá réir sin gnéithe áirithe freisin nach dtugtar aghaidh orthu leis na rialacha mar a glacadh sa Chomhairle[49].

A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha ag na Ballstáit sna chéad 4 bliana, níor braitheadh aon mhórfhadhbanna de thoradh na seiceálacha comhlíontachta i dtéarmaí thrasuí foirmiúil na rialacha agus níor seoladh aon nós imeachta um shárú. Go dtí seo, níor eisigh CBAE ach dhá bhreithiúnas maidir leis na rialacha nua a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Dearbháin (a bhaineann le cártaí cathrach agus dáileadh trasteorann dearbháin)[50].

Léiríonn torthaí an tsuirbhé, a rinneadh ón 27 Márta go dtí an 9 Meitheamh 2023, gurbh amhlaidh i bhfianaise ghiorracht na tréimhse ar cuireadh na rialacha CBL maidir le dearbháin i bhfeidhm lena linn, **nach raibh dóthain ama ag na Ballstáit** chun fianaise a bhailiú, iniúchtaí a dhéanamh, agus breithiúnas críochnaitheach a cheapadh maidir le feidhmíocht ghinearálta na rialacha CBL maidir le dearbháin.

---

48 Roinn 2.
49 Roinn 3.
50 Roinn 3.

Mar sin féin, a mhéid a bhí faisnéis ar fáil, deimhníonn na Ballstáit gur **tugadh aghaidh a bheag nó a mhór, le comhrialacha an Aontais maidir le dearbháin, ar an ilroinnt agus ar an gcastacht a bhaineann le CBL a chur i bhfeidhm ar shamhlacha gnó éagsúla, rud a d'fhág go bhfuil rialacha níos simplí ann agus go gcuirtear i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí ar fud an Aontais iad**. Go sonrach, baintear amach cuspóirí na rialacha CBL maidir le dearbháin trí cheanglais níos aonfhoirmí agus comhlíontacht níos simplí a áirithiú. Meastar go bhfuil siad ábhartha den chuid is mó freisin, a mhéid atá faisnéis ar fáil do na Ballstáit, mar rialacha atá oiriúnaithe do shamhlacha gnó éagsúla agus oiriúnach chun déileáil le samhlacha nua agus samhlacha atá ag teacht chun cinn agus cásanna trasteorann. Léirítear go bhfuil na rialacha maidir le dearbháin, a ndearnadh anailís orthu sa Tuarascáil seo, i gcomhréir leis an gcóras ginearálta CBL freisin. Ar deireadh, áirithítear breisluach AE leis na rialacha sin trí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus le cánachas dúbailte nó neamhchánachas ar fud an Aontais[51].

A mhéid a bhaineann leis an measúnú ar rialacha sonracha, **i leith na bhforálacha maidir leis an sainmhíniú ginearálta ar dhearbhán, maidir leis an sainmhíniú ar SPVanna agus leis an idirdhealú idir SPVanna agus MPVanna, agus le SPVanna agus MPVanna a aistriú, meastar den chuid is mó go bhfuil na forálacha sin soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm** i gcás riarachán náisiúnta, rud a fhágann gur féidir leo treoraíocht shoiléir a sholáthar agus na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú, agus gur forálacha soiléire iad do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

Níor chuir ach mionlach de na Ballstáit saincheisteanna i dtábhacht a bhain le cur i bhfeidhm na rialacha CBL maidir le dearbháin sna freagraí a thug siad ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé. Maidir leis an sainmhíniú ar dhearbháin, a slabhra dáilte agus dearbháin neamhfhuascailte, arbh iad sin fócas na tuarascála seo, bhain na saincheisteanna is coitianta dá tagraíodh leis an idirdhealú idir dearbháin agus cineálacha eile ionstraimí (e.g. comharthaí) agus idir MPVanna agus SPVanna, go háirithe i gcomhthéacs na trádála trasteorann nó cártaí cathrach. Baineann saincheisteanna eile le cainníochtú an bhoinn cánach i gcás seirbhísí chun MPVanna a dháileadh agus iad a fhuascailt agus le cóireáil na ndearbhán neamhfhuascailte[52]. Na saincheisteanna sin, **is le gnéithe maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair is mó a bhain siad** seachas le gnéithe reachtacha nua a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus **bhí a bhformhór á bplé roimhe nó tá siad á bplé fós** sa Choiste um CBL (agus faoi réir breithiúnas a thug CBAE le déanaí), rud a rannchuidigh go mór le cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí i leith na rialacha.

Dá bhrí sin, léiríonn an tuarascáil seo gur baineadh amach cuspóirí na Treorach maidir le Dearbháin den chuid is mó, cé go bhfuiltear fós le dul i ngleic le saincheisteanna sonracha áirithe maidir lena cur i bhfeidhm. Ach is é is mó a chuireann an tuarascáil i dtábhacht, i bhfianaise nach bhfuil ach cúpla bliain caite, **nach bhfuil dóthain faisnéise fós ag formhór na mBallstát chun measúnú ceart a dhéanamh ar fheidhmíocht na rialacha CBL maidir le dearbháin**. Go háirithe nuair a cuireadh an cheist faoi éifeachtúlacht na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair i dtéarmaí costais riaracháin a laghdú i gcás cuideachtaí a eisíonn nó a aistríonn SPVanna nó MPVanna, agus i gcás na n-údarás fioscach/na riarachán custaim, na tairbhí a thugtar don earnáil, an méadú ar thrádáil intíre agus trasteorann na ndearbhán nó

[51] Roinn 4.1.
[52] Roinn 4.2.

saincheisteanna ó thaobh na calaoise de, ní raibh formhór mór na mBallstát in ann aon fhreagra a thabhairt mar gheall ar an easpa faisnéise a bhí ar fáil dóibh[53].

I bhfianaise a bhfuil thuas, ghiorracht na tréimhse ar cuireadh na rialacha CBL maidir le dearbháin i bhfeidhm lena linn, agus na sonraí teoranta atá ar fáil don mheasúnú, is é tuairim an Choimisiúin **go mbeadh sé róluath aon togra a chur ar aghaidh chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a leasú**. Ina theannta sin, i bhfianaise go ndeimhníonn na réamhthuairimí, den chuid is mó, gur baineadh amach príomhchuspóirí na Treorach maidir le Dearbháin, **bheadh togra míchuí freisin**. Níor tharraing ach mionlach de na Ballstáit saincheisteanna sonracha anuas, a bhain, áfach, go príomha le cur i bhfeidhm na rialacha mar atá siad agus ar saincheisteanna iad a bhí á bplé cheana féin sa Choiste um CBL, agus maidir leis an dornán beag rannchuidithe i leith gnéithe nua nach dtugtar aghaidh orthu sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair, ní raibh dóthain grinnanailíse iontu a d'fhéadfadh a bheith ina mbunús le haghaidh togra reachtach nua. Dar leis an gCoimisiún, agus mar a léiríonn na freagraí ar an suirbhé, ba cheart díriú, ina áit sin, ar chur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach na rialacha atá i bhfeidhm, agus ba cheart leanúint den obair **san fhóram is iomchuí den Choiste um CBL,** arb é an ról atá aige scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna maidir le forálacha CBL a chur i bhfeidhm agus, cé nár tháinig cinntí ceangailteacha le haghaidh na mBallstát as, cruthaíodh, in imeacht na mblianta, gur rannchuidigh sé go suntasach leis an Treoir CBL a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí.

[53] Iarscríbhinn – Tuarascáil Achoimre.

IARSCRÍBHINN – TUARASCÁIL ACHOIMRE – CEISTNEOIR MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME NA TREORACH MAIDIR LE DEARBHÁIN (AE) 2016/1065

Bhí an suirbhé dírithe ar na Ballstáit, agus reáchtáladh é ón 27 Márta go dtí an 9 Meitheamh 2023. Thug na Ballstáit uile freagra ar an gceistneoir.

D'aontaigh tromlach na mBallstát an méid seo a leanas nó d'aontaigh siad go mór:

- An sainmhíniú ginearálta ar dhearbhán:
    - tá sé soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	17	62,96 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	0	0 %
Gan Freagra	0	0 %

    - tá sé soiléir iad do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	0	0 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	8	29,63 %
Easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- An sainmhíniú ar SPV:
    - tá sé soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	21	77,78 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- agus tá an t-idirdhealú idir é agus MPV soiléir do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	0	0 %
Aontaím	18	66,67 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	4	14,81 %
Gan Freagra	0	0 %

- Leis na coinníollacha carnacha a bhaineann leis an áit soláthair a bheith ar eolas mar aon le CBL atá dlite, fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta sainmhíniú a thabhairt ar céard is SPB ann agus idirdhealú a dhéanamh idir é agus MPV

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	22	81,48 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	0	0 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe SPV arna ndéanamh ag daoine inchánach atá ag gníomhú ina n-ainm féin:

    - tá an fhoráil soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach maidir leis na teagmhais inchánach dhifriúla i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	21	77,78 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	3	11,11 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	0	0 %
Gan Freagra	0	0 %

- cuireann an fhoráil ar chumas an riaracháin náisiúnta na rialacha is infheidhme maidir leis na teagmhais inchánach dhifriúla a fhorfheidhmiú i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	3	11,11 %
Aontaím	17	62,96 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	5	18,52 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	2	7,41 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá an fhoráil soiléir do dhaoine inchánach atá ag gníomhú ina n-ainm féin chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí maidir le teagmhais inchánach dhifriúla.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	1	3,7 %
Aontaím	18	66,67 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	2	7,41 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe SPV i gcás nach é soláthróir na n-earraí/na seirbhísí an duine inchánach a rinne, ag gníomhú dó ina ainm féin, SPV a eisiúint:

  - tá an fhoráil agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach maidir leis an riail i dtaca le ‘soláthróir measta’ a chur i bhfeidhm i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	3	11,11 %
Aontaím	17	62,96 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	6	22,22 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- cuireann an fhoráil ar chumas an riaracháin náisiúnta an riail i dtaca le ‘soláthróir measta’ a fhorfheidhmiú i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	3	11,11 %
Aontaím	13	48,15 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	8	29,63 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	3	11,11 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe SPV arna ndéanamh ag duine inchánach atá ag gníomhú in ainm duine inchánach eile:

  - tá an fhoráil soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach maidir leis na teagmhais inchánach dhifriúla i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	5	18,52 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	3	11,11 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	2	7,41 %
Gan Freagra	0	0 %

  - cuireann an fhoráil ar chumas an riaracháin náisiúnta na rialacha is infheidhme maidir leis na teagmhais inchánach dhifriúla a fhorfheidhmiú i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	3	11,11 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	5	18,52 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	3	11,11 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá an fhoráil soiléir do dhaoine inchánach atá ag gníomhú in ainm duine inchánach eile chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	1	3,7 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	6	22,22 %
Easaontaím	1	3,7 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	3	11,11 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe MPV arna ndéanamh ag daoine inchánach ag a bhfuil na hearraí á dtabhairt ar láimh/na seirbhísí á soláthar iarbhír, tá an fhoráil soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do na daoine inchánach sin, ar dá réir sin a bhfuil gach aistriú MPV, roimh sholáthar iarbhír na n-earraí nó na seirbhísí, lasmuigh den raon feidhme agus nach bhfuil ach fuascailt an dearbháin ilchuspóirigh sin, in aghaidh sholáthar iarbhír na n-earraí/na seirbhísí, faoi réir CBL.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	3	11,11 %
Aontaím	19	70,37 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe MPV arna ndéanamh ag daoine inchánach seachas an duine inchánach ag a bhfuil na hearraí á dtabhairt ar láimh/na seirbhísí á soláthar iarbhír, tá an fhoráil soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do na daoine inchánach sin, maidir leis an gceist an bhfuil aon soláthar seirbhísí ann, amhail seirbhísí dáileacháin nó fógraíochta.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	6	22,22 %
Easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- An fhoráil maidir le haistrithe MPV:

- cuireann sé ar chumas an riaracháin náisiúnta na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	14	51,85 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	9	33,33 %
Easaontaím	0	0 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	2	7,41 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá an fhoráil soiléir do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	1	3,7 %
Aontaím	17	62,96 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	2	7,41 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	3	11,11 %
Gan Freagra	0	0 %

- An phríomhriail ar dá réir a bheidh bonn cánach an tsoláthair earraí nó seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV cothrom leis an gcomaoin a íocadh faoi choinne an dearbháin, tá an riail sin soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair.

	Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór	2	7,41 %
Aontaím	16	59,26 %
Ní aontaím ná ní easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím	4	14,81 %
Easaontaím go Mór	0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	1	3,7 %
Gan Freagra	0	0 %

- An riail thánaisteach ar dá réir a bheidh bonn cánach an tsoláthair earraí nó seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV cothrom leis an luach airgeadúil a léirítear ar an dearbhán ilchuspóireach féin, nó sa doiciméadacht ghaolmhar, tá an riail sin éasca le cur i

bhfeidhm agus fágtar gur féidir leis an riarachán náisiúnta treoraíocht shoiléir a sholáthar do dhaoine inchánach i gcásanna aonair.

		Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór		2	7,41 %
Aontaím		14	51,85 %
Ní aontaím ná ní easaontaím		7	25,93 %
Easaontaím		2	7,41 %
Easaontaím go Mór		0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		2	7,41 %
Gan Freagra		0	0 %

- Dáileadh MPVanna arna dhéanamh ag duine inchánach, seachas eisitheoir an dearbháin, tá sé ina sholáthar seirbhíse chun críocha na Treorach CBL.

		Freagraí	*Cóimheas*
Tá		23	85,19 %
Níl		2	7,41 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		2	7,41 %
Gan Freagra		0	0 %

- Tá bonn cánach na seirbhíse dáileacháin sin atá i gceist le MPV cothrom leis an difríocht idir luach ainmniúil an dearbháin agus an praghas ceannaigh a íocadh, lúide an méid CBL a bhaineann leis an tseirbhís dáileacháin arna soláthar.

		Freagraí	*Cóimheas*
Tá		19	70,37 %
Níl		4	14,81 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		4	14,81 %
Gan Freagra		0	0 %

Sholáthair 17 mBallstát treoraíocht shonrach maidir le slabhra dáilte MPVanna, i bhfoirm treoraíochta riaracháin den chuid is mó.

		Freagraí	*Cóimheas*
Sholáthair		17	62,96 %
Níor sholáthair		10	37,04 %
Gan Freagra		0	0 %

		Freagraí	*Cóimheas*
Reachtaíocht		2	7,41 %
Treoirlínte riaracháin		12	44,44 %
Rialú Aonair		2	7,41 %
Eile		1	3,7 %
Gan Freagra		10	37,04 %

D'aontaigh beagnach leath na mBallstát nó d'aontaigh siad go mór an méid seo a leanas:

- tá na forálacha maidir le 'soláthróir measta' a bhaineann le haistrithe SPV soiléir do dhaoine inchánach, arb iad na soláthraithe earraí/seirbhísí iad agus nach iad na daoine inchánach a rinne, ag gníomhú dóibh ina n-ainm féin, SPV a eisiúint, chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí.

		Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór		2	7,41 %
Aontaím		11	40,74 %
Ní aontaím ná ní easaontaím		7	25,93 %
Easaontaím		0	0 %
Easaontaím go Mór		0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		7	25,93 %
Gan Freagra		0	0 %

- cuireann an fhoráil maidir le bonn cánach an tsoláthair earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV ar chumas an riaracháin náisiúnta na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú i gcásanna aonair.

		Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór		2	7,41 %
Aontaím		10	37,04 %
Ní aontaím ná ní easaontaím		10	37,04 %
Easaontaím		2	7,41 %
Easaontaím go Mór		0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		3	11,11 %
Gan Freagra		0	0 %

- tá na forálacha a bhaineann le bonn cánach an tsoláthair earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear i leith MPV soiléir do dhaoine inchánach chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí maidir le teagmhais inchánacha dhifriúla.

		Freagraí	*Cóimheas*
Aontaím go Mór		0	0 %
Aontaím		13	48,15 %
Ní aontaím ná ní easaontaím		4	14,81 %
Easaontaím		2	7,41 %
Easaontaím go Mór		0	0 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		8	29,63 %
Gan Freagra		0	0 %

Ní raibh dóthain faisnéise ag leath/tromlach na mBallstát maidir leis na nithe seo a leanas:

- cé acu atá nó nach bhfuil dáileadh dearbhán lascaine saor in aisce ina sholáthar seirbhíse fuascailte chun críocha na Treorach CBL i gcás inar duine inchánach a dhéanann an dáileadh sin, seachas eisitheoir an dearbháin, i gcás ina bhfaigheann an duine


inchánach, a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán, comaoin ón eisitheoir.

		Freagraí	*Cóimheas*
Tá		10	37,04 %
Níor sholáthair		3	11,11 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		14	51,85 %
Gan Freagra		0	0 %

- cé acu atá nó nach bhfuil bonn cánach na seirbhíse dáileacháin atá i gceist le dáileadh dearbhán saor in aisce mar atá thuas cothrom leis an laghdú ar an bpraghas arna dheonú don chustaiméir agus arna aisíoc ag an eisitheoir, lúide an méid CBL a bhaineann leis an tseirbhís fuascailte arna soláthar.

		Freagraí	*Cóimheas*
Tá		5	18,52 %
Níor sholáthair		5	18,52 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		17	62,96 %
Gan Freagra		0	0 %

Bhí **deighilt idir na tuairimí** a cuireadh in iúl maidir le cé acu a sholáthair nó nár sholáthair na Ballstáit treoraíocht shonrach maidir le cóireáil CBL SPVanna nó MPVanna neamhfhuascailte. Más amhlaidh a sholáthair, is le treoirlínte riaracháin is mó a soláthraíodh treoraíocht.

		Freagraí	*Cóimheas*
Sholáthair, ach i gcás SPVanna amháin		4	14,81 %
Sholáthair, ach i gcás MPVanna amháin		5	18,52 %
Sholáthair, i gcás SPVanna agus MPVanna araon		8	29,63 %
Níor sholáthair		10	37,04 %
Gan Freagra		0	0 %

		Freagraí	*Cóimheas*
Reachtaíocht		1	3,7 %
Treoirlínte riaracháin		13	48,15 %
Rialú Aonair		2	7,41 %
Eile		1	3,7 %
Gan Freagra		10	37,04 %

MEASÚNÚ AR THIONCHAIR CHUR CHUN FEIDHME NA TREORACH MAIDIR LE DEARBHÁIN

D'aontaigh formhór na mBallstát, de bharr chur chun feidhme na Treorach maidir le Dearbháin i gcaitheamh na chéad 4 bliana, go bhfuil, *go pointe áirithe ar a laghad*, na torthaí seo a leanas le feiceáil:

- tá an chomhlíontacht níos simplí

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	3	11,11 %
Go pointe measartha	11	40,74 %
Go pointe mór	2	7,41 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	10	37,04 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá ceanglais níos aonfhoirmí

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	4	14,81 %
Go pointe measartha	9	33,33 %
Go pointe mór	7	25,93 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	6	22,22 %
Gan Freagra	0	0 %

- Tá rialacha CBL oiriúnaithe do shamhlacha gnó éagsúla

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	4	14,81 %
Go pointe measartha	9	33,33 %
Go pointe mór	4	14,81 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	9	33,33 %
Gan Freagra	0	0 %

D’aontaigh beagnach leath na mBallstát, go pointe áirithe, ach ní raibh dóthain faisnéise ag an leathchuid eile/ag beagnach leath na mBallstát eile maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na torthaí seo a leanas le feiceáil de bharr na rialacha CBL:

- soláthraíodh tairbhí don údarás fioscach/riarachán custaim leo

		Freagraí	*Cóimheas*
Níor soláthraíodh in aon chor		3	11,11 %
Go pointe beag		2	7,41 %
Go pointe measartha		6	22,22 %
Go pointe mór		3	11,11 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		13	48,15 %
Gan Freagra		0	0 %

- tá siad oiriúnach chun déileáil le samhlacha gnó nua agus samhlacha gnó atá ag teacht chun cinn

		Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor		1	3,7 %
Go pointe beag		5	18,52 %
Go pointe measartha		5	18,52 %
Go pointe mór		3	11,11 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		13	48,15 %
Gan Freagra		0	0 %

- tá siad oiriúnach chun déileáil le cásanna trasteorann

		Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor		2	7,41 %
Go pointe beag		3	11,11 %
Go pointe measartha		6	22,22 %
Go pointe mór		2	7,41 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil		14	51,85 %
Gan Freagra		0	0 %

Ní raibh dóthain faisnéise ag tromlach na mBallstát maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na torthaí seo a leanas le feiceáil de bharr na rialacha CBL:

- tá laghdú tagtha ar an gcostas riaracháin i gcás:
    - cuideachtaí a eisíonn SPVanna

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	0	0 %
Go pointe measartha	2	7,41 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	23	85,19 %
Gan Freagra	0	0 %

    - cuideachtaí a eisíonn MPVanna

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	2	7,41 %
Go pointe beag	0	0 %
Go pointe measartha	1	3,7 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	23	85,19 %
Gan Freagra	0	0 %

    - cuideachtaí a aistríonn SPVanna

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	0	0 %
Go pointe measartha	0	0 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	25	92,59 %
Gan Freagra	0	0 %

    - cuideachtaí a aistríonn MPVanna

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	1	3,7 %
Go pointe beag	0	0 %
Go pointe measartha	0	0 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	25	92,59 %
Gan Freagra	0	0 %

- úsáid fioscach/riarachán custaim

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	4	14,81 %
Go pointe beag	1	3,7 %
Go pointe measartha	1	3,7 %
Go pointe mór	2	7,41 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	19	70,37 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá méadú tagtha ar na nithe seo a leanas:
  - trádáil intíre na ndearbhán

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	0	0 %
Go pointe beag	1	3,7 %
Go pointe measartha	1	3,7 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	24	88,89 %
Gan Freagra	0	0 %

  - trádáil trasteorann na ndearbhán

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	0	0 %
Go pointe beag	0	0 %
Go pointe measartha	1	3,7 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	25	92,59 %
Gan Freagra	0	0 %


- soláthraíodh tairbhí don earnáil

	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	0	0 %
Go pointe beag	1	3,7 %
Go pointe measartha	4	14,81 %
Go pointe mór	2	7,41 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	20	74,07 %
Gan Freagra	0	0 %

- tá aghaidh tugtha ar shaincheisteanna calaoise


	Freagraí	*Cóimheas*
Níl in aon chor	2	7,41 %
Go pointe beag	1	3,7 %
Go pointe measartha	2	7,41 %
Go pointe mór	1	3,7 %
Níl aon fhaisnéis ar fáil	21	77,78 %
Gan Freagra	0	0 %


Mar fhreagra ar cheisteanna oscailte an tsuirbhé, **tharraing mionlach de na Ballstáit saincheisteanna sonracha anuas** maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair. Seo thíos tá graf ina léirítear an líon Ballstát a tharraing saincheisteanna anuas san fhreagra ar gach ceist oscailte.





Seo thíos ceithre ghraf ina bhfuil achoimre ar na saincheisteanna is ábhartha a tarraingíodh anuas maidir le sainmhíniú/cáilliú na ndearbhán, slabhraí dáilte agus dearbháin neamhfhuascailte, maille leis an líon Ballstát a tharraing na saincheisteanna anuas. Cuirtear san áireamh san anailís sin na freagraí uile ar na ceisteanna difriúla sa cheistneoir chun an forbhreathnú is iomláine a sholáthar ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas (e.g. tá

saincheisteanna maidir le cáiliú na ndearbhán sa chéad ghraf fiú má luaigh Ballstát iad i gcomhthéacs ceiste nár bhain go díreach leis an sainmhíniú ar dhearbháin).






SPVanna A AISTRIÚ
Saincheisteanna
RIAIL MAIDIR LEIS AN SOLÁTHRaí MEASTA
IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LE SCÉIMEANNA SPEISIALTA
AISTRIÚ AG DUINE INA AINM FÉIN
AISTRIÚ IN AINM DUINE EILE
0
1
2
3
4
5
An Líon Ballstát


DEARBHÁIN NEAMHFHUASCAILTE
SAINCHEISTEANNA
SPV A AISÍOCADH ACH A DÁILEADH ROIMHE
ASBHAINT CÁNACH I dTACA LE hIONCHUR IN EASNAMH
COMAOIN I dTACA LE MPVanna- CÁILIÚ AGUS CÉ ACU A GHEARRFAR CÁIN ORTHU NÓ NACH nGEARRFAR
0
1
2
3
4
5
AN LÍON BALLSTÁT